# Glór Cheatharlach

## An Bhean a Shiúil Trasna Mheiriceá

CUIREADH tús le sraith nua dar teideal Anamnocht ar TG4 le déanaí. Cláir fhaisnéise agus uair an chloig ar fhad gach ceann díobh a chraoltar gach Céadaoin ag 9.30i.n.

Scáth-theideal ar chláir aonaracha, léirithe ar ardchaighdeán, a thugann léargas taibhsiúil dúinn ar phearsain, ar ghluaiseachtaí, ar smaointe nó ar áiteanna a bhfuil tábhacht nó suntas ar leith le tabhairt dóibh i stair na tíre nó na muintire. Is minic gur gné fholaithe den saol atá faoi chaibidil nó eachtra a ceileadh nó a ligeadh i ndearmad. Ar na cláir a chraoladh go dtí seo bhí ceann mar gheall ar Frank Duff a bhunaigh an Léigiún Mhuire agus clár bunaithe ar scéal an amhráin "Máire an Chlocháin Léith". Amach anseo beidh clár faisnéise ar an stailc mhór idir cheardchumainn agus fostóirí faoin teideal "Stailc 1913" chomh maith le "Léigear 1922" faoi léigear na gCeithre Cúirteanna, eachtra mhór chonspóideach sa Chogadh Cathardha.

Cuirfear an-suim go deo i gclár na seachtaine seo ar a dtugtar "An Bhean a Shiúil Trasna Mheiriceá". Clár faisnéise atá ann a léiríonn misneach agus buan-seasmhacht mná as Corca Dhuibhne in aimsir an droch-shaoil, breis is céad go leith bliain ó shin. Seo scéal Mhary Devine, a chuaigh ar imirce chun na Stát Aontaithe, a phós fear gan mhaith thall agus a bhog leis go lár na tíre sin, áit ar rugadh leanbh dóibh. Ansin is ea tuigeadh di nach raibh aon dea-rud i ndán di féin ná dá hiníon agus rinne sí beart nach ndearna mórán – chuir sí an leanbh ar a droim agus shiúil go

**Siobhán Uí Chomhain gur aintín a shin-seanmháthair a bheidh faoi chaibidil ar Anamnocht ar TG4**

Nua Eabhrac, turas na gcéadta míle ag déanamh a slí thar Illinois, Indiana agus Pennsylvania. Fuair sí fostaíocht i Nua Eabhrach le luach an ticéid loinge a shaothrú agus nuair a bhí sin aici soir léi abhaile go hÉirinn, gur bhain cuan agus calafort amach i gCóbh Chorcaí, áit ar chuir sí an leanbh ar a droim arís agus shiúil ar ais an 120 míle go Corca Dhuibhne, áit ar chuireadh fáilte roimpi agus chaith siad beirt an chuid eile dá saol. Turas éachtach ag bean iontach!

Maireann sliocht na mná i mBaile an Fheirtéaraugh,Corcha Dhuibhne i gcónaí, duine acu an t-údar agus craoltóir Dónal Mac an' tSíthigh a insíonn an scéal ar an gclár. Aintín shin-seanmháthair Shiobhán Uí Chomhain a mhaireann i gCeatharlach ab ea Máire Ní Dhubhánach agus maíonn Siobhán go mbíonn tionchar nach beag ag saol inspioráideach na mná ar chuid dá shaothar ealaíne féin agus go háirithe an píosa dealbhadóireachta, Máthair agus Leanbh.

Ní foláir ach gur bean chróga, neamhspleách le creideamh láidir agus lán de ghrá dá leanbh ab ea Mary Devine. Céad seasca bliain níos déanaí agus insíonn "An Bhean a Shiúil Trasna Mheiriceá" scéal a beatha ar TG4 an Chéadaoin seo, 18ú Meán Fómhair, ag 9.30i.n. Ná caill é!

| GLUAIS: | GLOSSARY: |
|---|---|
| sraith | series |
| faisnéis | documentary |
| léargas | insight |
| suntas | significant |
| eachtra | adventure |
| misneach | courage |
| ar imirce | emigrate |
| fostaíocht | employment |
| éachtach | adventurous |
| sliocht | descendent |
| scéal a beatha | life story |

## Deireadh Seachtaine do Dhaoine Fásta sa Ghaeltacht

DÓIBH siúd gur spéis leo a gcuid Gaeilge labhartha a fheabhsú in atmasféar taitneamhach spraiúil, tá Gael Linn ag eagrú deireadh seachtaine Gaeilge agus cultúrtha i nGaeltacht Ráth Chairn ón Aoine go Domhnach, 11ú go 13ú Deireadh Fómhair 2013. Is í seo an séú bhliain don eagras an ócáid ráthúil seo a eagrú i gcomhar le Comharchumann Ráth Chairn. I rith na deireadh seachtaine gheobhaidh foghaimeoirí fásta na Gaeilge blaiseadh de chultúr na Gaeltachta agus den Ghaeilge labhartha. I measc na n-imeachtaí atá beartaithe, tá ranganna comhrá Gaeilge ag meánleibhéal, ceardlann amhránaíochta ar an sean-nós, quiz boird, seisiúin cheoil agus ciorcail chomhrá!

Tá Gaeltacht Ráth Chairn suite timpeall uair a chloig ó Bhaile Átha Cliath i gContae na Mí. Bunaíodh an Ghaeltacht sa bhliain 1935 nuair a aistríodh teaghlaigh iomlána aniar as Conamara chuig Co. na Mí. Is Gaeltacht bheo í a ofrálann timpeallacht idéalach

chun an Ghaeilge a fhoghlaim agus a chleachtadh.
Socrófar lóistín do na rannpháirtithe go háitiúil. Táille na deireadh seachtaine ná €180 an duine le lóistín, béilte, ranganna agus siamsaíocht san áireamh. Is deis iontach í seo do dhaoine fásta an Ghaeilge a fhoghlaim agus a chleachtadh i suíomh nádúrtha na Gaeltachta. Ní foláir clárú go luath áfach mar bíonn an-éileamh ar áiteanna ar an gcúrsa áirithe seo gach bliain. Gach eolas ar fáil ó Gael Linn ar www.gael-linn.ie nó 01 6751200 nó is féidir dul i dteagmháil le Glór Cheatharlach ar 085 1340045 nó scríobh chuig em ma@glorcheatharlach.ie.

| GLUAIS: | GLOSSARY: |
|---|---|
| deireadh seachtaine | weekend |
| daoine fásta | adults |
| foghlaimeoirí | learners |
| labhartha | spoken |
| meánleibhéal | intermediate |
| rannpháirtithe | participants |
| suite | situated |
| teaghlaigh | households |
| táille | fee |
| éileamh | demand |

**Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:**
**Glór Cheatharlach**
**Sráid an Choláiste, Ceatharlach**
**(059) 9158105 / (085) 1340047**
emma@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie
Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!

## Deireadh le nuachtán Foinse

TÁ fógartha ag an gcomhlacht Móinéar Teoranta go bhfuil deireadh curtha leis an leagan clóite den nuachtán seachtainiúil agus nach mbeidh Foinse ar fáil ar sheilfeanna shiopaí nuachtáin ag deireadh na míosa mar a bhí beartaithe go dtí seo. Bunaíodh Foinse i 1996, agus cuireadh nuachtáin náisiúnta Gaeilge ar fáil go seachtainiúil go dtí samhradh 2009 le maoiniú ó Fhoras na Gaeilge. Nuair a theip ar an maoiniú seo, rinneadh athsheoladh ar Foinse i fómhar na bliana 2009, le leagan amach nua agus modh seachadta nua agus é ar fáil mar fhorlíonadh san Irish Independent.

Go dtí le déanaí, cuireadh an nuachtán ar fáil gach Céadaoin, agus bhí an-tóir air, go háirithe i measc scoileanna na tíre agus i measc fhoghlaimeoirí na teanga. Sa bhreis ar an nuachtán seachtainiúil, tá roinnt mhaith tionscadal eile ar líne curtha ar bun ag Móinéar Teo. le blianta beaga anuas, ina measc suíomh eolais www.foinse.ie agus blag gramadaí. Le blianta beaga anuas, tá curtha go mór ag foireann Foinse le húsáid na Gaeilge sna meáin shóisialta agus iad an-ghníomhach ar Facebook, YouTube agus Twitter. Cé nach mbeidh leagan clóite den nuachtán ar fáil a thuilleadh, beidh ábhar oideachasúil, a bhaineann le Foinse Óg agus Foinse sa Rang, fós le fáil ar www.foinse.ie.

Ag tús na bliana seo, d'fhógair Foras na Gaeilge go raibh cinneadh glactha acu chun deireadh a chur le conradh an nuachtáin seachtainiúil 'Gaelscéal'. Is í an chúis a thug Foras na Gaeilge leis an ngearradh seo ag an am ná nach raibh ag éirí leis an nuachtán ó thaobh díolacháin de.

Tugadh figiúr de thuairim is 1,300 cóip in aghaidh na seachtaine mar líon iomlán an díolacháin sna siopaí. Dar le Foras na Gaeilge níobh é an fhormáid chlóite an bealach is oiriúnaí le seirbhís nuachta a sholáthar do phobal léitheoireachta na Gaeilge.
I láthair na huaire níl aon nuachtán clóite Gaeilge ar fáil chun freastal ar riachtanais phobal na Gaeilge. Chuaigh Foras na Gaeilge i mbun taighde san earrach, agus reáchtáladh cruinnithe poiblí agus sraith d'fhócas grúpaí agus é i gceist go reáchtálfaí scéim nua go luath chun foilseachán nua a chur ar fáil in áit Gaelscéal. Níl aon toradh ar an taighde seo foilsithe go fóill agus faraoir níl aon nuachtán Gaeilge ar sheilfeanna shiopaí.

| GLUAIS: | GLOSSARY: |
|---|---|
| comhlacht | company |
| beartaithe | arranged |
| nuachtán | newspaper |
| maoiniú | funding |
| theip | failed |
| forlíonadh | supplement |
| sa bhreis | in addition |
| tionscadal | project |
| meáin shóisialta | social media |
| díolachán | sales |
| foilsithe | published |

Whartons Travel
European and Soccer Tour Specialists
Wharton's Travel Ltd.
Killone/ Stradbally/ Co Laois
057 8646486 - 0868110090
john@whartonstravel.com - www.whartonstravel.com

CHAMPIONS LEAGUE AT OLD TRAFFORD
Man Utd V Real Sociedad, 23rd October 7.45pm
Man Utd V Shakhtar Donetsk, 10th Dec 7.45pm
*Day Trips €89pp 1 Night Trip €129pps*
Capital One Cup
Man Utd V Liverpool, 25th Sept, 7.45pm
*Day Trip €139pp, 1 Night Trip €169pps*
Premier League
Man Utd V West Brom, 28th Sept, 3pm
*2 Night Trip €259pps,1 Night Trip, €209pps*
October Bank Holiday
Man Utd V Stoke City, 26th October 3pm
*2 Night Trip, €259pps, 1 Night Trip €209pps*
*Package includes Coach, Ferry Travel, Match Tickets & Hotel Accomodation*
Pick-ups in Portlaoise, Kildare Town, Newbridge, Naas and Newlands Cross